

AIGHNEACHT AN IRISH NEWS CHUIG COMHCHOISTE NA GAEILGE, NA GAELTACHTA, AGUS PHOBAL LABHARTHA NA GAEILGE - 1 MEITHEAMH 2022.

CÉ MÉ FÉIN:

Creidim nach dtuigeann gach duine ó dheas an obair atá á dhéanamh ag an Irish News le corradh agus daichead bliain anuas agus ó bhí 2015 ann ach go háirithe. Mar sin ba mhaith liom mé féin agus an páipéar a chur in aithne daoibh.

Is mise Robert McMillen, saoririseoir agus, níos tábhachtaí arís, eagarthóir Gaeilge an Irish News.

Tá mé ag obair mar shaoririseoir ó rinne mé chéad mharatón Bhéal Feirste i 1982, ag déanamh tuairisce do Raidió Uladh ar mo chuid eachtraíochta. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, 1984, scríobh mé mo chéad alt don Irish News, a raibh colún seachtainiúil Gaeilge acu ag an am agus lean mé liom go dtí gur tugadh mo cholún féin dom.

Cé go raibh mé ag obair sa Leabharlann Láir i mBéal Feirste ag an am, thaitin an scríbhneoireacht an oiread sin liom gur thosaigh mé ag scríobh altanna don nuachtán seachtainiúil Anois fosta, agus ansin don Andersonstown News. Ag deireadh an 1980idí, thosaigh Raidió na Gaeltachta ag iarraidh orm píosáí a dhéanamh beo faoi imeachtaí polaitíochta ó thuaidh agus bhí mé go rialta ar Raidió Uladh ag caint ar chúrsaí ealaíne fosta.

Bhí an oiread sin obair iriseoireachta agam gur ghlac mé trí bliana saor ó mo chuid oibre sa Leabharlann Láir i mBéal Feirste le cúrsa san iriseoireacht a dhéanamh agus a bheith ag obair mar shaoririseoir ag an am céanna.

Ó shin i leith, bhí mé ag scríobh do Foinse (ón chéad eagrán i 1996 go dtí an t-eagrán deireanach in 2013), agus bhíodh colún míosúil agam ar beo.ie; bhí clár snagcheoil agam ar Raidió Fáilte, ghlac mé páirt i gcláracha éagsúla teilifíse, Gaisce Gnó don BBC, chomh maith le Idir Mná, Scéalta Bhaile Átha Cliath, Éagóir, Racht agus an scannán faisnéise sin ar Peter O'Toole a craoladh ag an Nollaig ar TG4. Ach i 1999, tugadh post lánaimseartha dom ag an Irish News, mar scríbhneoir sainaltanna Béarla, mé ag scríobh faoi chúrsaí ealaíne sa chuid is mó – leabhair, ceol, drámaí, scannáin -b'eigean dom dul do Londain le ceisteanna a chur ar leithéidí Angelina Jolie, Tom Hanks, Morgan Freeman etc dó sin ach fuair mé deiseanna fosta faisteal thar lear fosta le haltanna taistil a scríobh. Bhí colún fíona agam fosta - ach bhí an colún Gaeilge agam i rith an ama.

THE IRISH NEWS

In 2005, chinn an Irish News cur go mór leis na leathanaigh Ghaeilge ar an pháipéar. Rinne siad seo gan pingin rua de mhaoiniú a fháil ó dhream ar bith.

Mar sin, in 2006, rinneadh Eagarthóir Gaeilge dom agus cúig leathanach sa tseachtain agam - The Bluffer's Guide to Irish ar an Luan, ábhar ó Foinse ar an Mháirt, cúrsaí Gaeloideachais ar an Chéadaoin, cúrsaí ealaíne ar an Déardaoin agus cúrsaí spóirt ar an Aoine.

Is féidir a rá go raibh an-tóir ar na leathanaigh chéanna - i scoileanna, ag ciorcail neamhfhoirmiúil léitheoireachta, i measc an aosa léinn agus i measc phobal na Gaeilge go ginearálta.

Nuair a tháinig deireadh le Foinse, mhéadaigh muid líon na leathanach faoi dhó, d'fhostaigh muid fo-eagarthóir ar bhonn lán-aimseartha agus chuir muid isteach ar an chonradh do cibé foilseachán a thiocfadh mar chomharba ar Foinse.

Ar an drochuair, ní bhfuair muid an conradh. Chuaigh sé chuig Gaelscéal. Caitheann muid cuimhneamh gur comhlacht trádála é an Irish News - dalta gach nuachtáin sa tír. Is le teaghlach amháin é, muintir Fitzpatrick, agus tá siad thar a bheith tiomanta don Ghaeilge ach tá an costas a bhaineann le newsprint chomh hard sin, nach raibh sé ar a n-acmhainn 10 leathanach Gaeilge sa tseachtain a choinneáil ag dul.

Inniu, tá trí leathanach sa tseachtain ar an pháipéar - The Bluffer's Guide to Irish ar an Luan leathanach a bhfuil an-tóir air, agus dhá leathanach eile ina bhfuil ábhair a chreidim féin a bheith suimiúil.

POBAL

Ceann de na buanna is mó atá ag an Irish News ná go bhfuil sé neadaithe ina phobal léitheoireachta.

Tá caidreamh láidir idir é agus an CLG ar fud an Chúige, déanann sé cuid mhór oibre le daltaí sna scoileanna agus i gcoláistí, tugann sé tús áite do mhná atá ag déanamh go maith sa saol, etc., etc.

Ach luaigh cúpla finné eile a labhair leis an Chomhchoiste seo, na “pobail neamhthraidisiúnta” ar chóir iad a mhealladh chun na léitheoireachta Gaeilge, bíodh siad ina gcónaí i mBÁC 4 nó ar Bhóthar na Seanchille agus tá sé sin déanta go sonrach ag leathanaigh Ghaeilge an Irish News agus aiseolas faighte againn ón ríshliocht go dtí an tOrd Oráisteach.

Ní dhéanann na leathanaigh iarracht a bheith “tras-phobal” - tá agus bhí siad riamh tras-phobal.

DAOINE ÓGA

Chun nós léitheoireacht nuachtán a chothú i bpáistí bunscoile agus meánscoile, tá The Young Readers Club againn ina dtéann duine ó fhoireann s'againn chuig scoileanna agus leagan giorraithe den pháipéar atá deartha go sainiúil do pháistí bunscoile acu. Thig leis na daltaí óga a rogha scéalta a aimsiú agus iad a phlé leis an mhúinteoir agus lena gcomhdhaltaí.

Nár dheas é dá mb'fhéidir an rud céanna a dhéanamh leis na foilseacháin Ghaeilge? Ní amháin go gcothaíonn sé seo nós na léitheoireachta sna páistí ach tugann sé deis don mhúinteoir a bheith ag teagasc faoin nuacht bhréagach agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn, rud atá an-tábhachtach sa lá atá inniu ann.

Arbh fhéidir linn teagmháil níos fearr a bheith againn leis na scoileanna agus an tábhacht a bhaineann le nuacht a léamh, idir chlóite agus ar líne, a mhíniú dóibh? Creidim go dtiocfadh.

ACHT GAEILGE

Den chéad uair riamh, tá beartaithe ag Rialtas na Breataine Acht Gaeilge - nó Acht Cultúir ba bheichte a rá - a thabhairt isteach i dtrátha Fómhair na bliana seo, eachtra a thabharfaidh aitheantas oifigiúil don teanga ó thuaidh den chéad uair riamh – má éiríonn leis.

D'fhéadfadh an tAcht seo cuidiú go mór leis an teanga “a normalú”, cibé stereotypes a bhain léi a bhriseadh agus thiofadh leis cur le líon na ndaoine atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim ó thuaidh agus ba cheart go mbeadh ábhar léitheoireachta ar fáil don ghlúin úr neamhthraidisiúnta seo agus tá an Irish News san áit is fearr leis sin a dhéanamh.

AN BHFUIL MAOINIÚ AR FÁIL DO NA MEÁIN GHAEILGE Ó THUaidh?

Tá mé sásta a chluinstin go bhfuil “dualgas breise chun teacht ar an stáitchóras níos mó fógraíochta a dhéanamh i nGaeilge” agus ba mhaith liom a shílstin go dtiocfadh cuid den fhógraíocht sin ó thuaidh agus nach mbeadh sé mar chomórtais *The Late, Late Show*, ceilte ar mhuintir an tuaiscirt.

D’fhéadfadh tacaíocht rialtais de chineál ar bith a bheith mar chuid den “oileán comhroinnte” seo atá á pheanáil ag an rialtas i láthair na huaire.

CAD É A THIOCFADH LEIS AN IRISH NEWS A DHÉANAMH SAN AM ATÁ LE TEACHT?

Bheadh orainn smaoineamh ar an dóigh is fearr le cibé maoiniú a chuirfí ar fáil a úsáid.

D’fhéad muid leathanaigh bhreise a fhoilsiú dírithe ar dhaoine óga, ceann dírithe ar léirmheasanna leabhar, ceann ar chúrsaí reatha agus spóirt agus mar sin de.

D’fhéad muid fosta ábhair iriseoirí a thraenáil, bíodh muid ag caint ar chéimithe nó ar dhaltáí meánscoile. Mar nuachtán atá ar an saol le 130 bliain anuas, tá taithí againn i ngach réimse den iriseoireacht agus den fhó-eagarthóireacht.

Níl barúil agam cad é an costas a bheadh leis sin. Ceist cearc agus ubh atá ann.

IS IOMAÍ CEIST EILE ATÁ IE CUR AGUS LE FREAGAIRT:

C: Cad é mar is féidir an cóimheas idir tuairimíocht agus tuairisceoireacht a athrú?

F: Tuilleadh maoiniú a chur ar fáil le hiriseoirí oilte a earcú nó le traenáil a thabhairt d’ábhair iriseoirí.

C: Cad é mar is féidir leis na meáin, idir Ghaeilge agus Bhéarla, nós léamh leabhar a chur chun cinn?

F: Caidrimh a chothú le foilsitheoirí le fadhb na heaspa léirmheasanna a phlé; agallaimh a dhéanamh le húdair; comórtais; sliochtanna a fhoilsiú, etc.

C: An bhfuil bealaí úra ann le tarraingteacht na meán Gaeilge a fheabhsú?

F: Ar an Irish Times, is féidir ailt ar líne a chluinstin. Bheadh sé an-úsáideach ag lucht foghlamtha dá mbeadh an áis sin ar fáil le haltanna Gaeilge.

D’fhéadfaí cuid de na húdair na hait a léamh agus podchraoladh a dhéanamh, mar shampla.

Cuir i gcás go raibh rogha altanna ón Irish News, an Irish Times, tuairisc.ie etc á léamh mar phodchraoladh, cineál Sunday Miscellany na Gaeilge. Is cinnte, dar liom, go dtreoródh seo daoine ar ais chuig na bunfhoinsí scríofa.

SMAOINTE FÁNACHA:

– I Sasana, tá The Society of Editors ann. An mbeadh sé úsáideach fóram neamhfhoirmiúil d’eagarthóirí agus d’iriseoirí/colúnaithe a bhunú inarbh fhéidir fadhbanna comónta agus réitigh a phlé, smaointe úra a mhalartú agus guth aontaithe a chur chun cinn in am an ghá? D’fhéadfadh siad teacht le chéile uair sa ráithe mar shampla.

– Tréaslaím go mór le tuairisc.ie as an tsraith Láithreach Bonn. Bhí an seimineár a d’fhoilsigh siad ar ghéarchéim an daonlathais go hiontach ar fad.

Anuas air sin, thaispeáin siad gur féidir maoiniú a fháil taobh amuigh d’Éirinn, rud ar cheart dúinn uilig a bheith ag meabhrú faoi. An mbeadh sé úsáideach seimineár a reáchtáil ar na foinsí maoinithe a d’fhéadfadh a bheith ann do na meáin Ghaeilge ó fhondúireachtaí ar fud na hÉireann agus na Breataine agus ó eagrais Eorpacha?

– An bhfuil dualgas ar na meáin Ghaeilge díriú ar lucht foghlamtha na teanga nó ar chainteoirí líofa amháin?

Sílim féin gur féidir an dá thrá a fhreastal.

Is léir go bhfuil na mílte ceisteanna deacra le freagairt maidir le cothú na léitheoireachta ach mar a deir na Síinigh, tosaíonn turas míle míle le aon chéim amháin.